An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

In 2021, méadófar an Deontas Gaeilge agus Dátheangach go dtí €110.50 in aghaidh an scoláire do na hábhair go léir atá á dteagasc trí Ghaeilge. Fanfaidh an ráta ag €22 in aghaidh an scoláire i leith gach ábhair suas go dtí uasmhéid 4 ábhar atá á dteagasc trí Ghaeilge.

**Ciorclán** 0052/2020

## Chuig: Údaráis Bhainistíochta gach Meánscoile Deonaí

### Athbhreithniú ar Rátaí Deontais Chaipitíochta le haghaidh Meánscoileanna Deonacha sa Scéim Saoroideachais

**1. Réamhrá**

Is é cuspóir an chiorcláin seo breac-chuntas a thabhairt ar na rátaí athbhreithnithe per capita is infheidhme maidir le cistiú deontais chaipitíochta a leithdháiltear ar Mheánscoileanna Deonacha sa Scéim Saoroideachais.

Tagann an ciorclán seo in ionad Chiorclán 0033/2019.

**2. Cuspóir an Deontais Chaipitíochta**

Is é atá i gceist le cistiú caipitíochta ná ranníocaíocht a dhéanamh i leith costais reatha laethúla scoileanna. Dá bhrí sin, ba cheart é a úsáid chun freastal ar an gcostas a bhaineann le míreanna amhail teas, soilsiú, glantachán, árachas agus cothabháil ghinearálta i scoileanna. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil sciar den deontas le húsáid ag scoileanna chun ábhair theagaisc agus acmhainní teagaisc a cheannach.

Maidir le cistiú caipitíochta a thugtar le haghaidh costais reatha ghinearálta agus le cistiú a thugtar le haghaidh seirbhísí airíochais agus rúnaíochta, is féidir breathnú orthu mar dheontas coiteann a fhéadfaidh an Bord Bainistíochta a úsáid de réir a thosaíochtaí féin. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach Ciorclán 0048/2009, atá ar fáil ag https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/?q=48/2009&t=id&f=&l=en.

De réir Chiorclán 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ba cheart cistiú deontais a úsáid chun na críche ar chuici a sholáthraítear é.

**3. Rátaí Deontais**

**3.1. Deontas Caipitíochta Caighdeánach.**

Íoctar an deontas caipitíochta caighdeánach ina thrí thráthchuid i mí Mheán Fómhair, i mí Eanáir agus i mí Aibreáin. Is é an ráta caighdeánach deontais don scoilbhliain 2020/2021 ná €316 in aghaidh an dalta, lúide 80% den Deontas Tuarastail Scoile. Is é an Deontas Tuarastail Scoile an ranníocaíocht a dhéanfar i leith tuarastal múinteoirí le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2020.

**3.2. Laghdú ar asbhaint an Deontais Tuarastail Scoile ón Deontas Caipitíochta**

Is ionann asbhaint an Deontais Tuarastail Scoile agus €563 (Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa ón bhFostóir san áireamh) in aghaidh an phoist teagaisc choibhéise lánaimseartha. Agus an íocaíocht caipitíochta á ríomh, cuirfear laghdú 20% ar an Deontas Tuarastail Scoile i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2020. Mar thoradh air sin, laghdófar an asbhaint ó €563 go €450.40 in aghaidh an phoist teagaisc choibhéise lánaimseartha.

**3.3. Deontais ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile**

Is i gciorclán ar leith ar shuíomh Gréasáin na Roinne a thugtar mionsonraí faoi na rátaí a bhaineann le cistiú Deontais ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile agus le cistiú Deontais Rúnaithe/cistiú Deontais Rúnaithe agus Airíoch/cistiú Deontais Airíoch ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile le haghaidh Meánscoileanna Deonacha sa Scéim Saoroideachais.

**3.4. Rátaí Deontais Eile**

a) Deontas do Ranganna Speisialta

Íoctar an deontas seo i mí na Nollag gach bliain i leith daltaí ar deimhníodh i measúnú síceolaíoch go bhfuil míchumas foghlama ginearálta éadrom nó meánach acu agus a fhreastalaíonn ar ranganna speisialta atá ceadaithe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Méadófar ráta an deontais seo go €201 in aghaidh an dalta le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2020.

b) Deontas don Ghaeloideachas agus don Oideachas Dátheangach

Íoctar an deontas seo i mí na Bealtaine gach bliain le scoileanna ina dteagasctar gach ábhar trí Ghaeilge nó ina dteagasctar ceithre ábhar ar a mhéad trí Ghaeilge. Méadófar rátaí an deontais seo mar a leanas:

- €108 in aghaidh an dalta do gach ábhar a theagasctar trí Ghaeilge; agus
- €22 in aghaidh an dalta in aghaidh an ábhair a theagasctar trí Ghaeilge, suas le ceithre ábhar ar a mhéad.

c) Deontas caipitíochta do thaistealaithe

Íoctar an deontas seo i mí na Nollag gach bliain agus tá sé iníoctha i leith daltaí den lucht siúil atá rollaithe i scoileanna. Méadófar ráta an deontais seo go €213.50 in aghaidh an dalta le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2020.

Tá na rátaí reatha is iníoctha i leith na ndeontas eile tugtha in Aguisín A freisin.

**4. Scaipeadh agus Ceisteanna.**

Cinntigh go dtarraingeofar aird an Bhoird Bhainistíochta agus an Chumainn Tuismitheoirí (más ann dó) ar a bhfuil sa Chiorclán seo.

Ba cheart aon cheisteanna ó scoileanna maidir leis an gCiorclán seo a sheoladh le ríomhphost chuig Rannóg na Scoileanna - Airgeadas ag sdfinfo@education.gov.ie.

Tom Deegan
Príomhoifigeach
Rannóg na Scoileanna - Airgeadas
Iúil 2020

**Aguisín A – Rátaí Deontais**

| | Cineál Deontais | | Ráta | Mionsonraí |
|---|---|---|---|---|
| a) | Deontas Caipitíochta Caighdeánach | | €316 in aghaidh an dalta, lúide an ranníocaíocht i leith tuarastal múinteoirí | Faigheann gach scoil incháilithe an Deontas Caipitíochta, a ríomhtar bunaithe ar rollú.<br><br>Íoctar an deontas caipitíochta ina thrí thráthchuid i mí Mheán Fómhair, i mí Eanáir agus i mí Aibreáin. (Méadófar an deontas seo ó €309 go €316 in aghaidh an dalta le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2020). |
| b) | Deontas do Ranganna Speisialta | | €201 in aghaidh an dalta | Daltaí ar deimhníodh i measúnú síceolaíoch go bhfuil míchumas foghlama ginearálta éadrom nó meánach acu agus a fhreastalaíonn ar ranganna speisialta atá ceadaithe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. |
| c) | Deontais don Ghaeloideachas agus don Oideachas Dátheangach | | €108 in aghaidh an dalta<br><br>€22 in aghaidh an dalta in aghaidh an ábhair | Teagasctar gach ábhar trí Ghaeilge<br><br>Teagasctar ceithre ábhar ar a mhéad trí Ghaeilge |
| d) | Caipitíocht do Thaistealaithe | | €213.50 in aghaidh an dalta | Deontas a íoctar i leith daltaí den lucht siúil atá rollaithe i scoileanna |
| e) | Deontas Leabhar | | €24 in aghaidh an dalta<br>€39 in aghaidh an dalta | Scoileanna nach Scoileanna DEIS iad<br>Scoileanna DEIS |
| f) | Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh | | €60 in aghaidh an dalta | Deontas Cláir |
| g) | Deontas Idirbhliana | | €95 in aghaidh an dalta | Deontas Cláir |
| h) | Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí | | €151 in aghaidh an dalta | Deontas Cláir |
| i) | Fisic agus Ceimic | | €13 in aghaidh an dalta | Deontas Cláir |